



An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2020
(OR. en)

8630/20

DEVGEN 76
POLGEN 68
ACP 46
COHAFA 28
RELEX 424
COAFR 153
COWEB 81
ELARG 54
COEST 110
MOG 31
MAMA 68

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	5 Meitheamh 2020
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8346/1/20 REV 1
Ábhar:	Freagairt Dhomhanda Team Europe ar COVID-19 - Conclúidí ón gComhairle (5 Meitheamh 2020)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Freagairt Dhomhanda Team Europe ar COVID-19, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 5 Meitheamh 2020.

Freagairt Dhomhanda Team Europe ar COVID-19**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is cúis mhór inní don Chomhairle i gcónaí leathadh domhanda phaindéim COVID-19 atá fós ag daoradh daoine chun báis ar fud an domhain. Aithníonn sí ollmhéid na héigeandála sláinte a bhaineann léi agus molann sí na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag oibrithe forbartha, daonnúla agus sláinte, dochtúirí agus taighdeoirí mar aon le hoibrithe bunriachtanacha eile. Géarchéim dhomhanda atá sa phaindéim seo a bhfuil impleachtaí forleathana sóisialta agus eacnamaíocha aici, rud a chuireann go mór le cineálacha éagsúla neamhionannais. Mar gheall air sin, tá meath ag teacht ar ghéarchéimeanna daonnúla atá ann cheana, lena n-áirítear géarchéimeanna slándála bia, agus cuireann sí i mbaol iarrachtaí chun an bochtaineacht a dhíothú, an fhorbairt inbhuanaithe, cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, mar aon leis an gcobhsaíocht agus an tslándáil ar fud an domhain. Anois an tráth don chobhsaíocht dhomhanda, comhar idirnáisiúnta, gníomhaíocht chomhchoiteann éifeachtach agus trédhearcacht.
2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a phráinní atá sé go ndéanfaí beatha agus slite beatha gach duine a chosaint, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. Ina theannta sin, cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí sna tíortha comhpháirtíochta sin is mó atá i ngátar i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Freagairt Dhomhanda an Aontais ar COVID-19, agus aird ar leith á tabhairt do na Tíortha Is Lú Forbairt, san Afraic den chuid is mó, agus do na tíortha sin atá leochaileach nó atá faoi thionchar coinbhleachta, agus tacú le comhpháirtithe sa Chomharsanacht, sna Balcáin Thiar, i Meiriceá Laidineach agus i réigiúin nach iad.
3. Iarrann an Chomhairle cur chuige atá bunaithe ar chearta agus ar dhaoine agus a dhíríonn ar na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe agus ar dhaoine i gcúinsí leochaileacha, lena n-áirítear daoine bochta i gceantair uirbeacha, imircigh, dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus a bpobal óstacha, agus daoine ar de mhionlaigh reiligiúin iad. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aird ar leith a thabhairt ar inscne, aois agus míchumais.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras, atá rithabhachtach don téarnamh inbhuanaithe ó ghéarchéim COVID-19, a chur chun feidhme ina n-iomláine. Fíordheis is ea na hiarrachtaí téarnaimh chun "atógáil níos fearr agus níos glaise" agus sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé torthaí tapa inláimhsithe a sheachadadh, agus a áirithiú go ndéantar an tacaíocht a ailíniú le pleananna téarnaimh na dtíortha comhpháirtíochta, agus próisis théarnaimh atá cothrom, inbhuanaithe agus cuimsitheach á gcur chun cinn i gcomhréir leis an gComhaontú Glas atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach.
5. Meabhraítear don Chomhairle ról lárnach an Aontais agus é ag tacú le ceannaireacht Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe i ndáil leis an bhfreagairt dhomhanda ar phaindéim COVID-19. Tacaíonn an Chomhairle leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbunófaí sos comhraic domhanda i bhfianaise na paindéime agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis an ról comhordúcháin atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) i bhfreagairt dhomhanda na sláinte poiblí. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin nach mór tacú le hiltobhachas éifeachtach agus a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht dhomhanda a chomhordú leis na Náisiúin Aontaithe, le heagraíochtaí réigiúnacha, go háirithe an tAontas Afracach, agus le heagraíochtaí iltaobhacha idirnáisiúnta agus institiúidí airgeadais eile mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda seo. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí cuimsitheacha a rinne an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus na bainc forbartha iltaobhacha chun dlús suntasach a chur lena dtacaíocht do thíortha i mbéal forbartha agus iad ag freagairt ar an ngéarchéim. Is díol sásaimh di freisin an tionscnamh ó G-20 agus ó Chlub Pháras chun seirbhísí fiachais a chur ar fionraí do na tíortha is boichte. Molann an Chomhairle iarrachtaí i leith iarracht chomhordaithe idirnáisiúnta maidir le faoiseamh fiachais do thíortha comhpháirtíochta, ó chreidiúnaithe déthaobhacha agus príobháideacha araon, agus béim ar leith á leagan ar thíortha a bhfuil fadhbanna sócmhainneachta acu, ar bhonn cás ar chás agus i ndlúthchomhar le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta.

6. Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán leis an gcur chuige "Team Europe" a beartaíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le freagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19, ina mbaintear leas as ranníocaíochtaí ón Aontas agus óna Bhallstáit, ó ghníomhaireachtaí cur chun feidhme, ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), agus ó institiúidí airgeadais Eorpacha eile, lena n-áirítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an fógra go ndéanfar níos mó ná 33 bhilliún euro a atreorú trí phacáiste "Team Europe" chun aghaidh a thabhairt ar dhrochéifeachtaí ghéarchéim COVID-19 i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta. Agus leas á bhaint as ranníocaíochtaí ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó chomhpháirtithe eile, tá an pacáiste "Team Europe" bunaithe ar an miondealú réigiúnach cistí seo a leanas¹:

- Domhanda
- Ráthaíochtaí
- Na Balcáin Thiar & an Tuirc
- An Chomharsanacht
- An Afraic Fho-Shahárach
- Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib
- An Áise agus an tAigéan Ciúin
- ACC, réigiúnach
- Tíortha agus críocha thar lear

¹ Tá méideanna comhfhreagracha san iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na tosaíochtaí beartais de "Team Europe", eadhon: (i) an fhreagairt éigeandála ar an ngéarchéim sláinte láithreach agus ar riachtanais dhaonnúla ghaolmhara; (ii) córais sláinte agus córais uisce agus sláintíochta a neartú mar aon le hullmhacht agus cumas freagartha na gcomhpháirtithe a threisiú; agus (iii) an tacaíocht láithreach chun iarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla na géarchéime a mhaolú. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór gach beart éigeandála an dlí idirnáisiúnta agus daonnúil mar aon le prionsabail dhaonnúla a urramú, agus dearcadh láidir comhionannais inscne á áirithiú ag an am céanna ar gach leibhéal. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabail an dea-rialachais, chearta an duine, an smachta reachta, an daonlathais, an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn agus iad a chaomhnú, mar aon leis an tslándáil, spás sibhialta cumasúcháin, cosaint shóisialta, dálaí oibre cuibhiúla, chomh maith le rochtain ar oideachas cothrom cuimsitheach, lena n-áirítear cianfhoghlaim agus faoi chuimsiú na foghlama ar feadh an tsaoil do chách.
8. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur measa an neamhionannas inscne atá ann cheana mar gheall ar éigeandálaí, lena n-áirítear an phaindéim reatha. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór obair a dhéanamh i gcoinne an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin bhaile mar thoradh ar an ngéarchéim. Thairis sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé rochtain chothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar oideachas ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus meabhraíonn sí tiomantas an Aontais, faoin gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, i ndáil le cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus i ndáil le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus i ndáil le torthaí a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus tá sí tiomanta i gcónaí do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin.
9. Iarrann an Chomhairle go mbeadh comhsheasmhacht ann idir an fhreagairt ghearrthéarmach dhaonnúil agus éigeandála agus clársceidealú na tacaíochta meántearmaí agus fadtearmaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair struchtúracha na paindéime i dtíortha comhpháirtíochta agus athléimneacht a fhorbairt. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfreagairt fhadtéarmach sa chéad chlársceidealú eile de chuid an Aontais maidir le comhar um fhorbairt (2021-2027), i gcomhthéacs ár ngealltanais maidir le clársceidealú comhpháirteach, de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, cuireann sí i dtreis a ábhartha atá comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt agus sineirgí a chothú idir beartais agus ionstraimí inmheánacha agus seachtracha an Aontais.

10. Admhaíonn an Chomhairle tionchar na mbeart eisceachtúil ar shlite beatha, ar chórais bhia agus ar shlabhraí soláthair. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di go ndeachaigh neamhshlándaíl bia agus míchothú in olcas agus an riosca go mbeidh dhá oiread an líon daoine thíos leis an ngéarocras ar fud an domhain mar thoradh ar COVID-19. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rochtain a chothú ar sholáthairtí bia agus talmhaíochta.
11. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh cur chuige feabhsaithe ina nasctar an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin an-tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda sláinte atá ann faoi láthair agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le cur chun feidhme na ngealltanais a tugadh faoin Margadh Mór. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain gan bhac ag oibrithe daonnúla agus leighis ar thíortha agus laistigh díobh. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle an Coimisiún as aerdhroichead daonnúil a bhunú.
12. Cuireann an Chomhairle chun suntais ról thoscaireachtaí an Aontais agus rannpháirtíocht chuimsitheach líonraí taidhleoireachta na mBallstát uile a chomhordú agus a áirithiú, lena n-áirítear gníomhaireachtaí forbartha Eorpacha, an Banc Eorpach Infheistíochta agus institiúidí airgeadais Eorpacha eile, chomh maith le gníomhaithe ábhartha eile ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir leis an gcur chuige 'comhar níos fearr le chéile'. Ina theannta sin, cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé pacáistí 'Team Europe' a chomhordú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus na ndéontóirí idirnáisiúnta. Is den riachtanas iad úinéireacht tíre agus dul i mbun comhpháirtíochta le heagraíochta den tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis an gá práinneach atá le comhar domhanda breise sa taighde agus sa nuálaíocht, chun dlús a chur le diagnóisic, vacsaín agus cóireáil coisctheach éifeachtach i gcoinne COVID-19 i ngach tír a fhorbairt, a mhonarú agus a chur in úsáid. Tá an Chomhairle tiomanta do cháilíocht, sábháilteacht agus rochtain chothrom do chách a áirithiú ar na hearraí poiblí domhanda sin, lena n-áiríteofar nach bhfágfar aon duine ar lár, agus is díol sásaimh di an tionscnamh luasaire maidir le Rochtain ar Uirlisí COVID-19 (ACT-A). Molann an Chomhairle go gcuirfí chun cinn an malartú sonraí idir taighdeoirí mar aon le rochtain feabhsaithe ar fhianaise eolaíoch atá ag teacht, lena n-áirítear i réimse na rochtana oscailte agus na heolaíochta oscailte. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur gá an tslándáil sláinte a neartú agus ullmhú do ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo. Meabhraítear di a rithábhachtaí atá sé na córais sláinte a chothú agus a neartú, agus sláinte agus cosaint sábháilteachta na bhfoirne sláinte agus cúraim shóisialta a áirithiú, chun an phaindéim a chomhrac agus chun tionchar iarmhartach ar ghalair eile a chosc agus, sa chomhthéacs sin, aithníonn sí ról lárnach EDS. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go hiomlán leis an gCiste Domhanda, leis an gComhaontas Domhanda le haghaidh vacsaíní agus imdhíonadh (GAVI), agus le UNITAID agus go n-aithníonn sí iarrachtaí leanúnacha na gcomhpháirtithe eile amhail an Chomhghuaillíocht um Nuálaíochtaí maidir le hUllmhacht d'Eipidéimí (CEPI) sa chomhrac domhanda in aghaidh na paindéime. Cruthaíodh dlús leis an tionscnamh gealltanais faoi cheannas an Aontais ar cuireadh tús leis an 4 Bealtaine 2020 agus lenar bailíodh 9.8 mbilliún euro - ní mór an dlús sin a chothú.
14. Aithníonn an Chomhairle gur gá an bhearna dhigiteach a líonadh agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú. Cuireann sí i dtreis an deis atá ann an claochlú digiteach a bhaint amach agus teacht ar réitigh nuálacha chun tacú le córais cúraim sláinte agus chun athléimneacht na sochaithe a neartú le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé na caighdeáin eiticiúla is airde a fhorfheidhmiú agus sonraí pearsanta á mbainistiú.
15. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go ngníomhóidh Team Europe ar bhonn comhpháirteach, tapa, infheicthe agus trédhearcach, i gcomhordú iomlán le tíortha comhpháirtíochta agus leis na Náisiúin Aontaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ról stiúrtha maidir le treoir pholaitiúil straitéiseach a chur ar fáil agus freagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19 á cur chun feidhme. Ina theannta sin, molann sí forbairt straitéis láidir cumarsáide maidir le cur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áiríteofar trédhearcacht agus lena rachfar i ngleic leis an mbréagaisnéis. Chun na críche sin, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a) Iarrann sí ar an gCoimisiún leithdháileadh acmhainní do thíortha comhpháirtíochta a bhunú ar mheasúnú ar chomhriachtanais, i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta agus á ailíniú lena bpleananna freagartha ar COVID-19, chun bearnaí a shainaithint agus príomhthosaíochtaí a leagan amach;
- b) Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar Bhallstáit an Aontais leanúint dá n-iarrachtaí na cuspóirí a leagtar amach ag ACT-A a bhaint amach chomh luath agus is féidir;
- c) Cuireann sí i dtreis gur gá nasc a áirithiú idir clársceidealú meántéarmach agus fadtéarmach;
- d) Molann sí go ndéanfaí iarrachtaí breise chun cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo agus na dea-chleachtais chun solúbthacht airgeadais agus chonarthaigh a áirithiú agus freagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19 á cur chun feidhme;
- e) Is díol sásaimh di gur bunaíodh córas comhpháirteach faireacháin, i gcomhréir le treoir ECFE-DAC agus lena n-áirítear marcóir COVID-19 a d'fhéadfadh a bheith ann, chun cuntasacht agus trédhearcacht a áirithiú maidir le húsáid acmhainní arna slógadh agus arna leithdháileadh, agus iarrann sí ar na gníomhaithe uile a bheith rannpháirteach agus faisnéis faoi acmhainní faoi Team Europe, atá cothrom le dáta, a chur ar fáil go pras tráthrialta; ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé trédhearcacht a áirithiú agus faireachán á dhéanamh ar oibríochtaí tacaíochta buiséid;
- f) Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na gníomhaithe uile atá rannpháirteach in Team Europe gníomhaíochtaí a chomhordú, agus iarrachtaí faisnéise agus cumarsáide a chomhroinnt ar leibhéal na tíre, laistigh den Aontas, i dtíortha comhpháirtíochta agus i bhfóiraim dhomhanda.
- g) Tacaíonn sí le húsáid an téarma 'Team Europe' i bhfeachtais chumarsáide náisiúnta nó chomhpháirteacha, in iarrachtaí infheictheachta agus i bhfógraí poiblí, agus tá sí ag súil le céimeanna nithiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ó SEGS chun straitéis láidir cumarsáide a bhaint amach do Team Europe.

Freagairt Sheachtrach FHOIREANN NA hEORPA ar COVID-19 (go dtí an 3 Meitheamh 2020)

TEAM EUROPE IOMLÁN EUR Milliún	33037
Ballstáit an Aontais	11467
An Coimisiún Eorpach	13800
BEI	6770
BEAF	1000

Miondealú de réir réigiúin gheografaigh:

IOMLÁN EUR Milliún	IOMLÁN	BALLSTÁ IT AE	CE	BEI	BEAF
	33037	11467	13800	6770	1000
Domhanda	9900	8252	648	0	1000
Ráthaíochtaí	2892	1327	1420	145	0
Na Balcáin Thiar agus an Tuirc	3967	33	1734	2200	0
An Chomharsanacht	7854	220	5319	2315	0
An Afraic Fho-Shahárach	4719	1228	2031	1460	0
Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib	1482	198	959	325	0
An Áise agus an tAigéan Ciúin	1730	206	1235	289	0
ACC, réigiúnach	346	3	343	0	0
Tíortha agus críocha thar lear & an Ghraonlainn	147	0	111	36	0